An Dinnéar is Fearr liom

Tasc A

Rólimirt

Bíonn tú ag déanamh comhrá le do chara faoin dinnéar is fearr libh beirt.
Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chaint. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cén dinnéar is fearr leat féin?**
2. **Cuir síos ar an dinnéar seo. Cad iad na rudaí difriúla a bhíonn ar an phláta – an bhfuil feoil agus glasraí ann mar shampla?**
3. **Cén fáth a dtaitníonn an dinnéar seo leat?**
4. **Cén uair dheireanach a d'ith tú an dinnéar seo?**
5. **Cé a bhí leat nuair a d'ith tú an dinnéar seo?**
6. **An bhfuil dinnéar ar bith nach dtaitníonn leat?**
7. **Cén bhialann is fearr leat?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Is fearr liom ...
- Taitníonn ... liom
- Tá mé stiúgtha le hocras ag smaoineamh air.
- Is veigeatóir/feoilséantóir mé.
- Is aoibhinn liom glasraí. Tá cuid mhór vitimíní iontu.
- Is breá liom bia ón Iodáil, go háirithe píot-sa agus pasta.
- Cuireann an dinnéar seo bia mo mhamó i gcuimhne dom (nó duine eile).
- Is grá liom nuair a bhíonn an teaghlach uilig le chéile ag ithe dinnéir.
- Bia ón bhialann.
- Bia gasta.
- Bia a ghiollacht sa bhaile le ...
- Ní maith liom .... Níl mé ró-thugtha do ...
- Cuireann ..... samhnas orm.
- Bhí cíocras orm ach, i ndiaidh dom sin uilig a ithe, tá ceas anois orm.

Seanfhocail

- Is maith an t-anlann an t-ocras
- Rogha gach bia agus togha gach dí

© CCEA 2022

An Dinnéar is Fearr liom

Tasc B

1. Tarraing pictiúr den dinnéar is fearr leat. Smaoinigh ar gach rud a chuirfidh tú ar an phláta. Cad iad na dathanna atá ar na bianna difriúla? Smaoinigh ar theideal don dinnéar iontach seo – scríobh an teideal ag barr an leathanaigh. Déan liosta de gach rud atá ar do phláta thíos faoin phictiúr. Bí cúramach leis an phoncaíocht – cuir isteach uimhir in aice le gach rud. Cuir ceannlitreacha agus lánstadanna isteach fosta. B'fhéidir go dtig leat cur i láthair a dhéanamh bunaithe ar an méid atá déanta agat.

2. **Dear Póstaer**
   Bain úsáid as an tseanfhocal – **Is maith an t-anlann an t-ocras**.
   Is féidir bheith cruthaitheach leis an scríbhneoireacht a roghnaíonn tú leis an tseanfhocal a scríobh. Tarraing pictiúr den dinnéar is fearr leat nó tarraing pictiúr bunaithe ar an tseanfhocal.

© CCEA 2022